



An Roinn Forbartha  
Tuaithe agus Pobail  
Department of Rural and  
Community Development

Éire 2040 - An Tionscadal  
Todhchaí na  
hÉireann á Tógáil

# An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe **Foirm Iarratais**

Comhlánaigh foirm iarratais ar leith do gach togra.

Is féidir aon cheisteanna a sheoladh chuig [rrdf@drcd.gov.ie](mailto:rrdf@drcd.gov.ie)

Ainm an  
Phríomhiarratasóra:

Láthair an Tionscadail:

Uimh. Thag. Iarratais  
(úsáid oifigiúil amháin)

# Foirm Iarratais an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe

Ba cheart d'iarratasóirí Leabhrán Achoimre agus Faisnéise na Scéime a léamh sula gcomhlánaíonn siad an Fhoirm Iarratais seo. Tá an Leabhrán ar fáil ag <https://drcd.gov.ie/about/rural/rural-regeneration-development-fund/>

Tá na critéir a ndéanfar measúnú ar iarratais ina n-aghaidh ag gabháil leis an bhFoirm Iarratais seo.

Luaigh an chatagóir cistiúcháin ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat.

**Catagóir 1:** Tograí atá réidh le dul ar aghaidh, nó céimeanna tosaigh de thionscadail is féidir a thosú sa bhliain 2019, a bhfuil na toilithe (e.g. toilithe pleanála) atá riachtanach i bhfeidhm acu, atá ag ardchéim dá ndearadh agus atá réidh le soláthar; nó

**Catagóir 2:** Tograí a bhfuil acmhainneacht shoiléir agus cuspóirí inchainníochtaithe acu ach ar gá iad a fhorbairt tuilleadh ionas gur féidir iad a chur isteach mar thograí Chatagóir 1 i ngairmeacha cistiúcháin ina dhiaidh seo.

Catagóir 1 <input type="checkbox"/>	Catagóir 2 <input type="checkbox"/>
-------------------------------------	-------------------------------------

## Tabhair faoi deara:

Forchoimeádan an Bord Comhairleach Tionscadal an ceart chuige féin chun togra a athchatagóiriú i gcás go meastar go bhfuil an togra níos oiriúnaí do chatagóir eile.

# Cuid 1. Sonraí an Iarratasóra

## 1.1. Príomhiarratasóir (ní mór gur comhlacht poiblí nó comhlacht a chistítear go poiblí é an Príomhiarratasóir)

Ainm na hEagraíochta:	
Seoladh Gnó:	
Ainm an Teagmhálaí:	
Post an Teagmhálaí:	
Uimhir Theileafóin an Teagmhálaí:	
Seoladh Ríomhphoist an Teagmhálaí:	
Uimhir Chláraithe Cánach:	
Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach:	

## 1.2. Eagraíochtaí ar Comhpháirtithe sa togra iad

Uimh. Chomhpháirtí	Ainm	Stádas (i.e. Roinn Rialtais, gníomhaireacht Stáit, cuideachta phríobháideach, etc.)
Eagraíocht 1:		
Eagraíocht 2:		
Eagraíocht 3:		
Eagraíocht 4:		

### 1.3. Ról an Phríomhiarratasóra agus na gComhpháirtithe aonair

- Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag an bPríomhiarratasóir agus ar an ról atá ag gach ceann de na Comhpháirtithe sa tionscadal
- Míneigh an dóigh a n-oibreoidh na comhpháirtithe i gcomhar lena chéile chun an tionscadal a sholáthar agus míneigh an breisluach ar leith a thiocfaidh as an gcomhar sin.

- Tabhair breac-chuntas gairid ar theist gach ceann de na comhpháirtithe maidir le tionscadail den chineál céanna a sholáthar go rathúil.

### 1.4. Socruithe Rialachais

- Tabhair breac-chuntas ar na socruithe rialachais a chuirfear i bhfeidhm chun a chinntiú go soláthrófar an tionscadal go héifeachtach in am agus laistigh den bhuiséad, lena n-áirítear na socruithe le haghaidh bainistíocht tionscadal, maoirseacht airgeadais agus cuntasachta agus le haghaidh comhlíonadh ceanglas caiteachais phoiblí.

## Cuid 2. Forbhreathnú ar an tionscadal

### 2.1. Láthair an tionscadail

- Cá bhfuil an tionscadal lonnaithe? Tabhair ainm an bhaile/na mbailte, an tsráidbhaile/na sráidbhailte nó an limistéir/na limistéar a bheidh i gceist leis an tionscadal nó a bhainfidh tairbhe as.
- Is féidir leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe tacú le bailte, sráidbhailte agus limistéir thuaithe ina gcónaíonn níos lú ná 10,000 duine agus atá lonnaithe lasmuigh de na cúig limistéar cathrach. Is incháilithe le haghaidh cistiúcháin atá tionscadail a thrasnaíonn teorainneacha riaracháin nó a bhfuil níos mó ná aon bhaile/sráidbhaile/limistéar amháin i gceist leo mar chuid de mhórphlean straitéiseach.

### 2.2. Dátaí réamh-mheasta tosaithe agus críochnaithe

- Cé go nglacfar le tionscadail ilbhliantúla faoin ngairm tograí seo, táthar ag súil go dtosófar na tionscadail sa bhliain 2019. I gcás iarratais Chatagóir 2, ba cheart forbairt an tionscadail a thosú sa bhliain 2019.

An Dáta Tosaithe atá Beartaithe:

An Dáta Críochnaithe atá Beartaithe: (i gcás thionscadail Chatagóir 2, is ionann an dáta seo agus an dáta a chríochnófar forbairt an tionscadail)

### 2.3. Achoimre ar an togra

- Tabhair achoimre ar an togra, lena n-áirítear cuspóirí sonracha an tionscadail (e.g. cóiríocht cónaithe mhéadaithe a sholáthar, infheistíocht bhreise gnó, cruthú fostaíochta, dul i ngleic le míbhuntáiste sóisialta, feabhas a chur ar bhonneagar seirbhísí, etc.) (800 focal ar a mhéad).
- Ba cheart togra níos mionsonraithe a chur isteach leis an iarratas freisin, rud ina dtabharfar tuilleadh sonraí faoin tionscadal atá beartaithe agus ina mbeidh, nuair is iomchuí, mapaí de láithreáin shonracha atá le forbairt nó le hathfhorbairt, pleananna tógála agus/nó líníochtaí, agus aon fhaisnéis eile a mheasann tú a bheith iomchuí. Níor cheart níos mó ná 25 leathanach a bheith sna doiciméid bhreise.

### 2.4. Na chéad bhearta eile agus na príomhchlocha míle

- Tabhair breac-chuntas gairid ar na chéad bhearta eile is gá a dhéanamh chun an togra a fhorbairt tuilleadh agus ar na príomhchlocha míle a bheartaítear le linn an tionscadal a sholáthar.

### 2.5. An Réasúnaíocht taobh thiar den Tionscadal

- Mínigh an réasúnaíocht atá taobh thiar den tionscadal a roghnaíodh. Sainaithin aon sócmhainní, aon taitneamhachtaí, aon ghnéithe inrochtaineachta, aon ghnéithe comhshaoil, etc., atá ann cheana agus tabhair breac-chuntas ar aon easnaimh ar gá aghaidh a thabhairt orthu nó ar aon deiseanna is féidir a thapú.

- Déan tagairt d'aon mheastóireachtaí, aon phleananna, aon suirbhéanna nó aon mheasúnuithe a rinneadh agus ina léirítear go bhfuil an tionscadal atá beartaithe ag teastáil.
- An bhfuil sé amhlaidh go gcuireann an tionscadal le haon tionscadail forbartha/athghiniúna tuaithe atá ann cheana nó a bhí ann roimhe seo sa bhaile/limistéar céanna? Má tá, tabhair sonraí faoi na tionscadail sin agus faoina stádas reatha agus/nó faoi na torthaí a bhí orthu.

## 2.6. Nuálaíocht agus Breisiócht

- Déan cur síos ar an nuálaíocht atá á cur i bhfeidhm i do chur chuige, ar nuálaíocht í a spreagfaidh athghiniúint tuaithe agus a mbeidh tionchar buan aici ar an mbaile, ar an limistéar nó ar an réigiún lena mbaineann.

- Mínigh cén fáth a gcumasóidh ranníocaíocht ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe gníomhaíocht/torthaí nach mbeadh ann ar shlí eile (e.g. i ndáil le scála an tionscadail atá beartaithe a mhéadú, raon feidhme an tionscadail a mhéadú, gearáil an chistiúcháin a mhéadú, tionchar an tionscadail a mhéadú, etc.)?

## 2.7. Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí

- Tabhair breac-chuntas ar an gcomhairliúchán a rinneadh le geallsealbhóirí/tairbhíthe (e.g. an lucht gnó, grúpaí pobail áitiúil, etc.) i ndáil leis an togra agus tabhair breac-chuntas ar thoradh an phróisis chomhairliúcháin sin.

- Tabhair breac-chuntas ar aon saincheistanna a bhféadfadh gur ghá aghaidh a thabhairt orthu chun an tionscadal a chur ar aghaidh de bhun an phróisis chomhairliúcháin (e.g. úinéireacht talún/rochtain) agus tabhair breac-chuntas ar an dóigh a bhfuil sé beartaithe déileáil le saincheistanna den sórt sin.

## 2.8. Baint leis na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta atá sa Chreat Náisiúnta Pleanála

- Cé na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta sa Chreat Náisiúnta Pleanála lena dtacaíonn an togra tionscadail seo (cuir tic le gach bosca iomchuí)?
- Tá tuilleadh sonraí faoi na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta ar fáil ag: <http://www.gov.ie/en/project-ireland-2040>.

1.	Dlúthfhás	
2.	Inrochtaine Níos Fearr sna Réigiúin	
3.	Geilleagair agus Pobail Tuaithe Níos Láidre	
4.	Iompar Inbhuanaithe	
5.	Geilleagar Láidir, a bhfuil Fiontraíocht, Nuáil agus Scileanna ag tacú leis	
6.	Nascacht Idirnáisiúnta ar Ardchaighdeán	
7.	Conláistí Feabhsaithe agus an Oidhreacht	
8.	Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Athléimneach ó thaobh Aeráide de	
9.	Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce agus Acmhainní Eile Comhshaoil	
10.	Teacht ar Sheirbhísí Cúram Leanaí, Oideachais agus Sláinte ar Ardchaighdeán	



- Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a gcomhlíonann an tionscadal na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta atá leagtha amach thíos

## 2.9. Baint le pleananna reachtúla nó straitéiseacha eile

- Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a mbaineann an tionscadal le Pleananna Forbartha Contae, le Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail, le Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha nó le pleananna/straitéisí forbartha áitiúla nó réigiúnacha eile agus ar an dóigh a gcuireann an tionscadal leis na pleananna agus leis na straitéisí sin.

## Cuid 3. Tionchar agus Meastóireacht

### 3.1. Tionchar eacnamaíoch agus sóisialta

- Tabhair breac-chuntas ar an tionchar eacnamaíoch agus/nó sóisialta a bheidh ag an togra ar limistéir thuaithe nó ar phobail tuaithe (e.g. poist, infheistíocht, soláthar tithíochta, comhforbairt áite, etc.), lena n-áirítear na spriocanna/na méadrachtaí a dtomhaisfear dul chun cinn ina n-aghaidh.

- Tabhair breac-chuntas ar na táscairí eacnamaíocha/sóisialta nó ar na méadrachtaí feidhmíochta eile (e.g. cruthú fostaíochta, an líon cuairteoirí, an líon fiontar lena dtacófar, an líon aonad tithíochta/tráchtála a chríochnófar) a úsáidfear chun rath an tionscadail a thomhas in aghaidh chuspóirí an tionscadail agus tabhair breac-chuntas ar fhoinsé na dtáscairí sin.
- Cén dóigh a ndéanfar faireachán nó bainistiú orthu sin?

- Tabhair na spriocanna/na méadrachtaí réamh-mheasta bliantúla don tionscadal faoi na ceannteidil phríomhtháscaire atá tugtha (cuir rónna breise isteach, más gá).

Táscaire	Bonnlíne (sonraigh an bhliain)	Sprioc (Bliain 1)	Sprioc (Bliain 2)	Sprioc (Bliain 3)	Sprioc (Bliain 4)

### 3.2. Inbhuanaitheacht agus an acmhainneacht le haghaidh macasamhlú

- Tabhair breac-chuntas ar na pleananna atá agat le haghaidh an tionscadal a chothú san fhadtéarma ionas go mbeidh tionchar buan aige ar an mbaile/an limistéar/an réigiún lena mbaineann, lena n-áirítear, nuair is cuí, an dóigh a mbainfear féin-inbhuanaitheacht airgeadais amach. (Ní mór conair shoiléir i dtreo féin-inbhuanaitheachta a thaispeáint do gach togra)

- An bhfuil an tionscadal seo oiriúnach dá macasamhlú i gcodanna eile den réigiún nó den tír? Má tá, tabhair breac-chuntas ar an dóigh a bhféadfaí na nithe a fhoghlaiméofar ón tionscadal seo a chomhroinnt ar bhonn níos leithne

### 3.3. Meastóireacht

- Tabhair breac-chuntas ar na próisis a chuirfear i bhfeidhm chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionscadal seo agus tabhair na hamlínte atá beartaithe do na meastóireachtaí sin (bíodh siad ina meastóireachtaí ex ante, ina meastóireachtaí eatramhacha nó ina meastóireachtaí ex post)

## Cuid 4. Sonraí Airgeadais (más cuí, cuir táblaí breise 4.1 go 4.3 isteach do gach céim den tionscadal)

### 4.1. Forbhreathnú airgeadais

Tabhair sonraí faoi chostas iomlán an togra agus faoin gcúnamh deontais atá á lorg. I gcás iarratais Chatagóir 2, ba cheart tagairt a dhéanamh sna figiúirí don chostas ar thogra níos mionsonraithe a fhorbairt, ar togra é a d'fhéadfaí a chur isteach mar iarratas Chatagóir 1 faoi ghairm tograí amach anseo.

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Iomlán
Costas iomlán					
An cúnamh deontais atá á lorg <sup>1</sup>					
Cistiú comhfhreagrach					

**Tabhair faoi deara:** Ní bheidh ach caiteachas a thabhófar tar éis dháta ceadaithe an tionscadail incháilithe le haghaidh cistiúcháin.

### 4.2. Sonraí faoin gcistiú comhfhreagrach

Comhlacht cistiúcháin	Ranníocaíocht Bliain 1	Ranníocaíocht Bliain 2	Ranníocaíocht Bliain 3	Ranníocaíocht Bliain 4	Iomlán Méid

	Tá	Níl
An bhfuil sé amhlaidh gur deimhníodh cistiú comhfhreagrach don tionscadal seo?	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Más "TÁ" an freagra, tabhair fianaise dhoiciméadach tacaíochta mar aguisín leis an bhFoirm Iarratais seo		

### 4.3. Miondealú ar chostas iomlán an tionscadail

Mír	Costas
Tuarastail <sup>1</sup>	€
Costais riaracháin	€
Ceannach foirgnimh/láithreáin	€
Costais foirgníochta	€
Athchóiriú <sup>2</sup>	€
Trealamh/feistiú	€
Táillí gairmiúla (e.g. costais ailtireachta, innealtóireachta, suirbhé)	€
Táillí dlí	€
Cúnamh teicniúil eile	€
Eile (tabhair sonraí)	€
<b>COSTAS IOMLÁN</b>	€

#### Tabhair faoi deara:

- Ní mheasfar costais tuarastail a bheith incháilithe ach amháin i gcás go mbaineann siad le ham a caitheadh go díreach ar an tionscadal. Ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí pearsanra breise a fhostú go díreach chun na gnéithe éagsúla den chlár oibre a bhrú chun cinn thar an tréimhse cistiúcháin.
- Ní costais incháilithe iad costais a bhaineann le gnáthobair chothabhála agus le caitheamh agus cuimilt.

### 4.4. Measúnú Luach ar Airgead

	Tá	Níl
An bhfuil sé amhlaidh go ndearnadh measúnú Luach ar Airgead ar an tionscadal seo i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí?	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Más "TÁ" an freagra, tabhair sonraí		

### 4.5. Foinsí eile cistiúcháin

	Tá	Níl
An bhfuil sé amhlaidh gur lorgaíodh nó gur ceadaíodh cistiú ó fhoinsí eile don tionscadal seo riamh?	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

Más "TÁ" an freagra, sonraigh an fhoinse ónar lorgaíodh cistiú agus sonraigh cé acu a tugadh nó nár tugadh cistiú			
Comhlacht cistiúcháin	An scéim faoinar lorgaíodh cistiú nó faoinar soláthraíodh cistiú	An méid a lorgaíodh nó a ceadaíodh €	An dáta a ceadaíodh cistiú (má bhaineann)

## 4.6. Ceadanna

	Tá	Níl	N/B
An bhfuil sé amhlaidh go bhfuarthas na ceadanna agus na toilithe pleanála uile don tionscadal agus gur cuireadh aon mheasúnuithe oidhreachta nó comhshaoil is infheidhme i gcrích?	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Más "NÍL" an freagra, leag amach na pleananna a shaothrófar ina leith sin			

	Tá	Níl	N/B
Má tá oibreacha ar fhoirgnimh nó ar thailte i gceist leis an tionscadal, an bhfuil sé amhlaidh gur leis an iarratasóir/leis na comhpháirtithe an t-áitreabh ar a bhfuil an t-uasghrádú/an t-athchóiriú/na feabhsuithe beartaithe?	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Más "NÍL" an freagra, leag amach na pleananna a shaothrófar chun a chinntiú go bhfaighfear na ceadanna lena mbaineann			

## 4.7. Na Measúnuithe Riachtanacha

	Tá	Níl	N/B
An bhfuil sé amhlaidh gur cuireadh na measúnuithe riachtanacha uile (e.g. measúnuithe comhshaoil, measúnuithe rialála, etc.) i gcrích?	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Más "NÍL" an freagra, leag amach na pleananna a shaothrófar ina leith sin			

## 4.8. Soláthar

Tabhair breac-chuntas ar na hamlínte atá beartaithe le haghaidh aon phróiseas soláthair phoiblí atá riachtanach chun an togra seo a sholáthar.

## Cuid 5. Úsáid sonraí

Is chun d'iarratas a phróiseáil a bhainfidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail úsáid as an bhfaisnéis ar an bhFoirm Iarratais seo. D'fhéadfadh go lorgódh an Roinn tuilleadh faisnéise freisin chun gnéithe de do thogra a shoiléiriú.

Déanfar aon fhaisnéis phearsanta a sholáthróidh tú a bhailiú agus a phróiseáil de réir na reachtaíochta Cosanta Sonraí.

Comhroinnfidh an Roinn d'Fhoirm Iarratais le Bord Comhairleach Tionscadal, a bhunófar chun bainistiú a dhéanamh ar an measúnú ar iarratais agus chun comhairle a thabhairt don Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir leis na tograí. Beidh an Bord Comhairleach faoi chathaoirleacht ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus cuimseoidh sé ionadaithe ó roinnt Ranna Rialtais iomchuí agus saineolaithe seachtracha. Is faoi chomhaontuithe neamhnochta a chomhroinnfear d'Fhoirm Iarratais leis na comhaltaí den Bhord Comhairleach Tionscadal.

D'fhéadfadh go mbainfeadh an Bord Comhairleach Tionscadal leas as saineolas níos sainiúla agus níos leithne nuair is gá agus d'fhéadfadh go gcomhroinnfeadh sé leis na saineolaithe sin aon fhaisnéis a mheastar a bheith riachtanach chun measúnú a chríochnú ar d'iarratas. Is ar bhonn neamhnochta a chomhroinnfí aon fhaisnéis den sórt sin.

Is é an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail a dhéanfaidh an cinneadh deiridh ar cé acu a chisteofar nó nach gcisteofar tionscadail, agus leas á bhaint aige as an gcomhairle ón mBord Comhairleach Tionscadal.

Ní dhéanfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail aon fhaisnéis a fhaightear mar chuid den iarratas seo a eisiúint ar shlí eile ach amháin nuair a cheanglaítear é sin le dlí, lena n-áirítear na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. I gcás aon iarrata Saorála Faisnéise, tabharfar réamhfhógra réasúnach don iarratasóir faoi aon nochtadh atá beartaithe.

## Cuid 6. Dearbhú ó oifigeach údaraithe

Ní mór an Dearbhú seo a bheith comhlánaithe ag Oifigeach Údaraithe de chuid an Phríomhiarratasóra.

Deimhním gur léigh mé an doiciméad seo agus gur thuig mé é agus dearbhaím go bhfuil na sonraí atá tugtha ar an iarratas seo fíor agus ceart.

Iarraim go soláthrófaí cúnamh ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun tacú leis an togra mar atá leagtha amach agus deimhním, má bhronntar é, nach n-úsáidfear an deontas ach amháin chun na gcríoch ar chucu a ceadaíodh é.

Aithním go bhféadfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an Fhoirm Iarratais seo a chomhroinnt le measúnóirí seachtracha faoi chomhaontuithe neamhnocta.

Síniú:

Priontáil d'Ainm:

Post:

Dáta:

**Ní mór Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe, mar aon le haon doiciméid tacaíochta riachtanacha, a chur isteach roimh 12:00 meán lae an 27 Meán Fómhair 2018 ach ríomhphost a sheoladh chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ag [rrdf@drxcd.gov.ie](mailto:rrdf@drxcd.gov.ie).**

**Ní bheidh iarratais a gheofar tar éis an spriocdháta incháilithe dá mbreithniúfaoin nGairm Tograí seo**



# Aguisín An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe - Scéim Breithmheasa ar Thionscadail

Na Critéir Mheasúnaithe	Tuairisceoir	Na marcanna iomlána atá ar fáil
Cuspóirí Beartais		
Rannchuidiú intaispeánta leis na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta atá sa Chreat Náisiúnta Pleanála	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Cén dóigh a mbaineann an togra leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus cé na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta a bhfuil aghaidh á tabhairt orthu?</li> </ul>	200
Fianaise ar an mbaint atá ag an togra le Pleananna Forbartha Contae, le Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail, le Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha nó le pleananna forbartha ceadaithe eile	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ An bhfuil an togra ag teacht le straitéisí áitiúla agus réigiúnacha atá ann cheana (e.g. Pleananna Forbartha Contae, Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail, Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha nó pleananna forbartha ceadaithe eile) agus cén dóigh a gcuirfidh sé cuspóirí na straitéisí sin ar aghaidh?</li> </ul>	
Méid an chomhair idir na páirtithe lena mbaineann	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Cén cineál comhair atá beartaithe, agus an sainaitnítear sa togra an breisluach ar leith (nach bhfuil cistiú breise i gceist leis) a thiocfaidh as an gcomhar sin?</li> <li>○ An dtugtar fianaise sa togra gur féidir leis tairbhí a sholáthar, atá de bhreis ar an infheistíocht dhíreach, trí shineirgí le hinfeistíochtaí eile?</li> </ul>	150
An acmhainn atá ag na comhpháirtithe chun an tionscadal a sholáthar mar a bheartaítear agus chun ceanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí a chomhlíonadh	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ An bhfuil sé taispeánta go soiléir go bhfuil acmhainn ann chun an tionscadal a sholáthar?</li> <li>○ An bhfuil sé soiléir go bhfuil dea-theist ar na comhpháirtithe tionscadail agus go bhfuil taithí acu ar thionscadail den chineál céanna a sholáthar?</li> <li>○ An bhfuil toilithe pleanála nó ceaduithe riachtanacha eile i bhfeidhm; an bhfuil saincheisteanna úinéireachta talún/rochtana/rialaithe sainaitheanta?</li> <li>○ Cé chomh réidh is atá an togra le soláthar?</li> <li>○ An léirítear fianaise sa togra gur féidir leis gach ceanglas i gcód caiteachais na seirbhíse poiblí a chomhlíonadh?</li> </ul>	100

Na Critéir Mheasúnaithe	Tuairisceoir	Na marcanna iomlána atá ar fáil
<b>Tionchar Féideartha</b>		
An tionchar eacnamaíoch nó sóisialta ar limistéir thuaithe nó ar phobail tuaithe (e.g. poist, infheistíocht, comhfhorbairt áite, etc.)	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Cá mhéad a thugtar aghaidh sa togra, ar bhealach nuálach cáilíochtúil, ar dhúshláin shonracha forbartha tuaithe?</li> <li>○ An leagtar amach go soiléir sa togra na torthaí atá á lorg?</li> <li>○ An leagtar amach sa togra an bonn a úsáidfeadh chun baint amach na dtorthaí sin a thomhas?</li> <li>○ An dtugtar fianaise sa togra ar an dóigh a soláthrófar na torthaí sin tríd an tionscadal nó trí na tionscadail atá beartaithe?</li> <li>○ An leagtar amach sa togra fianaise inbhraite (lena n-áirítear clocha míle) ar an dóigh a soláthrófar an tionscadal, mar aon leis na hamfhrámaí gaolmhara?</li> </ul>	200
Féin-inbhuanaitheacht agus an acmhainneacht le haghaidh macasamhlú tionscadail	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ An leagtar amach sa togra na pleananna a shaothrófar chun a chinntiú go mbeidh an tionscadal nó na tionscadail inbhuanaithe san fhadtéarma?</li> </ul>	100
<b>Cáilíocht An Togra Bhuiséadaigh</b>		
Cáilíocht an togra bhuiséadaigh agus Luach ar Airgead	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ An leagtar amach sa togra socruithe soiléire rialachais tionscadail, lena n-áirítear na socruithe faireacháin, na socruithe bainistíochta agus na socruithe tuairiscithe le haghaidh an tionscadal a sholáthar?</li> </ul>	150
Méid an chomhchistiúcháin/na breisíochta (poiblí nó príobháideach)	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ An leagtar amach sa togra sonraí faoin leibhéal comhchistiúcháin a sholáthrófar agus cineál an chomhchistiúcháin sin (cistiú comhchineáil nó cistiú airgid thirim).</li> </ul>	100
<b>IOMLÁN</b>		<b>1,000</b>

Beidh sé riachtanach tairseach íosta 60% de na marcanna iomlána atá ar fáil a bhaint amach faoi gach ceann de na critéir Chuspóirí Beartais ionas gur féidir meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an tionscadal faoin dá cheannteideal eile.

### **Tabhair faoi deara:**

- 1 Tríd is tríd, tá an ranníocaíocht uasta ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe cothrom le 75% den chostas iomlán thar shaolré an tionscadail. Féadfar ranníocaíocht is fiú 80% a sholáthar ón gCiste i gcás gur ó phobail áitiúla (seachas cuideachtaí príobháideacha nó maoinitheoirí daonchairdiúla) a thiocfaidh níos mó ná leath an chistiúcháin chomhfhreagraigh. D'fhéadfadh gur ghá ranníocaíochtaí ón gCiste a choigeartú freisin i gcás gur comhpháirtithe cistiúcháin chomhfhreagraigh iad cuideachtaí earnála príobháidí nó maoinitheoirí daonchairdiúla.